# Páipéar samplach 1

## Cuid A

### An chéad chainteoir

Bail ó Dhia oraibh. Is mise Micheál Ó Cinnéide. Tá cónaí orm i gCathair Luimnigh. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Imrím rugbaí agus iománaíocht. Beidh sé deacair orm rogha a dhéanamh idir an dá spórt amach anseo ach rachaidh mé le rugbaí is dócha, má bhíonn cúpla euro le déanamh as. Ba mhaith liom bheith i mo dhochtúir nuair a fhásfaidh mé suas. Is dlíodóirí iad mo thuismitheoirí.

### An dara cainteoir

Goidé mar atá sibh? Aisling Kovac ag labhairt libh. Tá mé i mo chónaí i nGaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall. Is as an Bhoisnia do mo thuismitheoirí ach tháinig siad go hÉirinn go bhliain 1989 agus rugadh mise anseo an bhliain ina dhiaidh sin. Is é an caitheamh aimsire is fearr liom ná bheith ag amharc ar na sobalchláir ar an teilifís. Bhí páirt bheag agam féin i 'Ros na Rún' i mí Eanáir seo caite.

## Cuid B

### Fógra

Beidh díolachán earraí ar siúl i gcearnóg an bhaile mhór Dé Domhnaigh seo chugainn. Cuirfear an tairgead a dhéanfar sa chiste tógála don halla spóirt nua. Ní mór gach rud a bheith réidh tráthnóna Dé Sathairn. Táthar ag súil leis go mbeidh na teachtaí dála áitiúla i láthair ar an Domhnach. Chomh maith leis an díolachán earraí beidh aisteoirí ó Macnas ann chun seó sráide a chuir ar fáil. Bígí ann gan teip. Cabhraigí linn chun cabhrú libh!

### Píosa nuachta

Tá teach mór le ligint ar cíos ag Síle Bean Uí Chathasaigh i gCionn tSáile i gContae Chorcaí. Tá sé suite leath mhíle ón trá. Má tá breis eolais uait faoi, glaoigh ar 021 83142 i ndiaidh a sé aon tráthnóna.

## Cuid C

### Comhrá a haon

**Gearóid:** Bail ó Dhia ort ar maidin, a Úna. Gearóid Ó Dufaigh anseo.

**Úna:** An bhail chéanna ort, a Ghearóid. Nach tusa atá éirithe luath maidin Shathairn.

**Gearóid:** Agus cúis mhaith agam leis. Sílim, a Úna, gur chaill mé mo chárta aitheantais aréir.

**Úna:** Tóg bog é, a Ghearóid. Téigh siar céim ar chéim ar gach rud a rinneamar aréir. Cuimhneoidh tú ar cad a rinne tú leis ansin.

**SOS**

**Gearóid:** I dtosach, bhíomar i dteach Shorcha. Ansin chuamar go dtí Cheers.

**Úna:** Nár thaispeáin tú do chárta aitheantais do 'Superman' ag an doras?

**Gearóid:** Thaispeáin. Níor aithin sé mé i dtús báire ón ngrianghraf ach thug sé ar ais dom é nuair a lig sé isteach mé.

**Úna:** B'fhéidir gur thug tú é do Shorcha mar bhí mála láimhe aici.

**Gearóid:** Maith thú, a Úna. B'shin é an rud a rinne mé. Is cuimhin liom anois é.

**Comhrá a dó**

**Máire:** Dia duit, a Sheáin. Fáilte romhat abhaile.

**Seán:** Go raibh maith agat, a Mháire. Conas atá tú féin agus do mhuintir?

**Máire:** Tá mo mhuintir go breá, a Sheáin, ach bhí mise tinn ar feadh tamaill um Nollaig.

**Seán:** Agus conas atá tú anois?

**Máire:** Táim chomh folláin le breac faoi láthair

**SOS**

**Máire:** Cén fáth ar fhág tú Éire trí bliana ó shin?

**Seán:** Bhí fonn orm dul go Meiriceá.

**Máire:** Cén sórt oibre a fuair tú thall?

**Seán:** Fuair mé post i ngaráiste ach níor thaitin sé liom riamh agus bhí mé uaigneach.